

Irish translation of
Beating cervical cancer
Information for girls in Year 9, aged 12–13

An ailse cheirbheacsach a chloí Eolas do chailíní i mBliain 9, 12-13 bliana d'aois


Cabhraigh le tú féin a chosaint

Gach rud is gá a bheith ar eolas agat faoin vacsaín VSD a thugann cosaint in éadan an trúig ailse cheirbheacsáí is coitianta.

Buntreoir don vacsaíniú VSD do chailíní 12 go 13 bliain d'aois. Is bileog é seo faoin vacsaíniú (instealladh) is féidir leat a fháil chun tú féin chosaint in éadan ailse ceirbheacsáí nuair a éiríonn tú níos sine. Má tá breis eolais uait, gabh chuig www.helpprotectyourself.info

Ailse cheirbheacsach

Tarlaíonn ailse cheirbheacsach sa cheirbheacs (oscailt na broinne – amharc an léaráid thíos). Víreas darbh ainm an víreas sineánómach daonna nó VSD is trúig dó. Tig leis an ailse cheirbheacsach a bheith an-tromchúiseach agus faigheann timpeall 1,000 bean bás dá bharr sa RA gach bliain.



VSD agus an dóigh a scaipeann sé

Tá os cionn 100 cineál víreas sineánómach daonna ann ach níl ach 13 acu ina dtrúig aitheanta ailse. Víreas an-choitianta atá ann agus tig leat é a fháil trí a bheith gníomhach go gnéasach le duine eile a bhfuil an víreas acu cheana féin. Gheobhaidh suas le leath den daonra VSD am éigin ina saol i ngan fhios dóibh féin, mar nach mbíonn airí ar bith acu de ghnáth. Ní bhíonn an víreas ina thrúig ailse formhór an ama mar go maraíonn córas imdhíonaithe na colainne é, ach ní tharlaíonn sé seo i gcónaí – sin é an fáth go bhfuil an vacsaín chomh tábhachtach.

An Vacsaín VSD

Tugann an vacsaín a cosaint in éadan dhá chineál den víreas atá ina dtrúig don chuid is mó de chásanna (os cionn 70%) den ailse cheirbheacsach. Ní thugann sé cosaint duit in éadan gach cineál VSD, agus mar sin beidh gá agat le scagadh ceirbheacsach (tástáil smearaidh) nuair a bhíonn tú níos sine.

Tabharfaidh an vacsaín cosaint duit chomh maith in éadan an dá chineál VSD atá ina dtrúig le formhór na gcásanna d'fhaithní na mball giniúna ach ní chosnóidh sé tú in éadan ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha ar bith eile agus ní stopfaidh sé tú ó éirí torrach.

Déanfaidh an vacsaíniú laghdú 70% ar an mbaol go bhfaighidh tú ailse cheirbheacsach nuair a thógann tú é.

Cén uair ba chóir dom an vacsaíniú a fháil?

Tá gá agat leis an vacsaíniú sula mbíonn tú gníomhach go gnéasach. Moltar duit an vacsaíniú a fháil ag 12 go 13 bliain d'aois chun cosaint a thabhairt duit chomh luath agus is féidir. Ní bheidh cosaint agat ó ionfhabhtú gnéas-tarchurtha ar bith eile má fhaigheann tú an vacsaín agus ní cosaint é ar a bheith ag iompar clainne.

An vacsaíniú a fháil

Beidh trí instealladh de dhíth ort laistigh de 12 mhí chun an chosaint is fearr a fháil. Ar nós na vacsaín a bhí agat mar leanbh, tá sé tábhachtach go gcríochnófa an cúrsa agus go bhfaighfeá an trí dháileog go léir chun go n-oibreodh sé i gceart.

Déanfaidh foireann sláinte na scoile socruithe duit chun an vacsaíniú a fháil ar scoil. Tabharfaidh an t-altra an vacsaíniú duit i do sciathán uachtair.

Má fhulaingíonn tú ó asma, eachma, fiabhras léana nó ailléirgí eile, tig leat an vacsaín a fháil go fóill. Má tá aon imní ort faoi seo, nó má tá dianailéirge laitíse agat labhair leis an altra sula bhfaigheann tú an vacsaín.

Fo-iarmhairtí

Fo-iarmhairtí séimhe a bhíonn ag an vacsaíniú – greadfach nó frithireacht sa sciathán de ghnáth, agus ní fada a mhaireann sé. Sásaíonn an vacsaín na caighdeáin dhiana sábháilteacht atá riachtanach chun é a úsáid sa RA agus i dtíortha Eorpacha eile.

Go han-annamh bíonn frithghníomhú i bhfoirm gríos ag daoine tar éis an instealltha. Beidh a fhios ag an altra conas cóireáil a dhéanamh air seo. Ní cúis é gan níos mó instealltaí a fháil do VSD ná galair eile.

Bíonn frithghníomhartha diana ailéirgeacha ann go han-annamh, agus tá na haltraí oilte chun plé leo. Le cóireáil tagann daoine chucu féin go hiomlán, laistigh de chúpla uair an chloig de ghnáth.

Tig le do thuismitheoirí aon fho-iarmhairtí ó na vacsaíní, a bhfuil amhras orthu ina dtaobh, a thuairisciú trí Scéim na gCártaí Buí. Is féidir é seo a dhéanamh ar líne trí chuairt a thabhairt ar www.yellowcard.gov.uk nó trí ghlaó a chur ar bheolíné Yellow Card nó ar Shaorfón 0808 100 3352 (ar fáil ó Luan go hAoine 9.00am go 5.00 pm).

Ar chaill tú coinne?

Ní bíodh imní ort, feicfead tú ar scoil arís nó beidh foireann sláinte na scoile i dteagmháil le do thuismitheoirí chun coinne eile a shocrú.

Toiliú a thabhairt

Tabharfar foirm toilithe duit agus ba chóir do dhuine de do thuismitheoirí í a shíniú chun cead a thabhairt duit an vacsaíniú a fháil. Tá sé tábhachtach an fhoirm shínithe a thabhairt ar ais sula mbíonn an vacsaíniú le déanamh.

Mura mbíonn do thuismitheoirí cinnte gur chóir duit an vacsaíniú a fháil ba chóir duit an fhoirm a thabhairt ar ais agus labhairt le foireann sláinte na scoile nó le do dhochtúir teaghlaigh. Má fhaigheann tú an vacsaíniú beidh cosaint agat in éadan na dtrúigeanna ailse ceirbheacsaí is coitianta ar feadh na mblianta.

Breis eolais

Beidh leabhrán ceisteanna agus freagraí faighte ag do thuismitheoirí a thugann eolais níos doimhne maidir le toiliú a thabhairt agus ábhair eile atá clúdaithe sa bhileog seo. Is féidir an t-eolas seo a íoslódáil ónár suíomh idirlín ag www.helpprotectyourself.info

Má tá cóip den C&F nó den bhileog uait i dteanga eile gabh chuig ár suíomh idirlín nó iarr ar altra na scoile cóip a phriontáil duit.



Eisithe ag an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí thar ceann na Roinne Sláinte Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Ábhar Cóipchirt na Corónach atáirgthe le cead Rialtóir an HMSO agus Clódóir na Banríona d'Albain.